C/2024/4509

10.7.2024

Fógra le haghaidh daoine áirithe atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

(C/2024/4509)

Dírítear an fhaisnéis seo a leanas ar Oleg Genrikhovich SAVELYEV (Uimh. 36), Sergey Yurevich KUZOVLEV (Uimh. 140) agus Aleksandr Pavlovich LAPIN (Uimh. 1527), daoine atá á n-áireamh san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle [2] a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.

Tá an Chomhairle ag brath ar na bearta sriantacha i gcoinne na ndaoine thuasluaite a choinneáil ar bun bunaithe ar ráitis nua ar chúiseanna agus ar fhaisnéis nua. Leis seo, cuirtear in iúl do na daoine sin go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun an fhaisnéis a bhaineann leis na bearta sriantacha a choinneáil ar bun a fháil, faoin **17 Iúil 2024, ag an seoladh seo a leanas:**

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
Ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

---

[1] IO L 78, 17.3.2014, lch. 16.
[2] IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.